

14 Comhaontuithe cóiríochta réamhchonartha a chealú

- 14.1

I gcuntas leithghabhála 2025 um Vóta 24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, sainaithnítear speansais fhabhraithe de €35 milliún i dtaca le cóiríocht a sholáthar d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta. Baineann cuid ábhartha den speansas fabhraithe nach bhfuil nochta le híocaíochtaí a eascraíonn ó shocraíochtaí le soláthraithe féideartha cóiríochta ar cealaíodh a gcuid comhaontuithe réamhchonartha leis an tSeirbhís Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) in 2025.
- 14.2

Sa tuarascáil seo leagtar amach na cúinsí as ar eascair na speansais sin.


Cúlra

- 14.3

Ar an 1 Bealtaine 2025, tugadh freagracht don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (An Roinn Dlí agus Cirt) as cóiríocht agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara a sholáthar d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta tríd na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta.¹ Roimh an dáta sin, ba í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (An Roinn Leanaí) (mar a bhí ann ag an am) a chomhlíonadh na feidhmeanna sin. Áiríodh ar an aistriú feidhmeanna aistriú foirne agus taifead IPAS, a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt cuntasach astu anois.
- 14.4

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn ó bhí 2021 ann. Mar thoradh air sin tháinig méadú tapa ar líon na n-iarratasóirí atá ag lorg cóiríochta a fhaigheann tacaíocht ón Stát. Mar fhreagra air sin, fuair an IPAS méid mór cóiríochta ó sholáthraithe príobháideacha seirbhíse, mar shampla óstáin agus tithe lóistín tráchtála, ar bhonn éigeandála.

Fíor 14.1 Líon iomlán na gcónaitheoirí i gcóiríocht IPAS ag deireadh na bliana- 2017 – 2025



Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

1 Bronnann an rialtas cosaint idirnáisiúnta ar dhuine a bhfuil tír eile fágtha acu le héalú ó dhochar. Tá ceangal dlí ar Éirinn iniúchadh a dhéanamh ar iarratas duine ar bith a thagann isteach sa tír agus cosaint á héileamh acu ar an mbonn sin.

- 14.5** Ag deireadh mhí na Nollag 2025, bhí 32,689 iarratasóir cosanta idirnáisiúnta ag baint úsáide as cóiríocht arna soláthar ag an Stát, agus cónaí orthu i 324 ionad cóiríochta (féach ar Fíor 14.1). Astu siúd, bhí cónaí ar 77% i 269 ionad cóiríochta éigeandála arna soláthar ag oibreoirí tráchtála.
- 14.6** Ba ionann an costas as cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a sholáthar agus €1.36 billiún in 2025 (2024:€1.06 billiún).

Straitéis chóiríochta

- 14.7** I Márta 2024, cheadaigh an Rialtas straitéis chóiríochta a bhfuil sé mar aidhm léi spleáchas an Stáit ar sholáthraithe tráchtála a laghdú faoi 2028 tríd an toilleadh leapacha faoi úinéireacht an Stáit a mhéadú go 14,000.² Beidh an spleáchas ar sholáthraithe tráchtála le haghaidh cóiríocht teagmhais agus éigeandála amháin, agus beidh suas le 21,000 leaba breise i gceist ann.
- 14.8** Seo a leanas na príomhghníomhartha a aithníodh chun ceadú do IPAS na cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh
- foirgnimh tráchtála reatha a thiontú go cóiríocht cosanta idirnáisiúnta, agus béim curtha ar bhloic fholmha oifige
 - fáil agus úsáid tailte de chuid an FSS agus an Stáit chun cóiríocht a chur in úsáid go tapa agus úsáid á baint as réamhdhéanamh tapa agus modhanna foirgníochta nua-aimseartha eile
 - ceannach foirgneamh meánmhéide agus mór spriocdhírithé atá lándéanta nó nach mór lándéanta³
- 14.9** Sheol an Roinn Leanaí próiseas um 'léiriú spéise' ar an 30 Aibreán 2024 chun foirgnimh oiriúnacha a aimsiú mar chóiríocht cosanta idirnáisiúnta. Féachadh leis an bpróiseas chuig foirgnimh a shainaithint um fáil/ligeán ar léas de réir na gcritéar seo a leanas
- 150 leaba nó níos mó
 - seomraí leapa ag teacht leis na caighdeáin náisiúnta um chóiríocht cosanta idirnáisiúnta
 - réadmhaoin/foirgnimh reatha atá lándéanta
 - réadmhaoin reatha ar gá uasghrádú/athchóiriú a dhéanamh uirthi.
- 14.10** Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt go bhfuarthas 134 aighneacht mar fhreagra ar an bpróiseas léirithe spéise. Shonraigh an Roinn nár cuireadh aon chonarthaí i bhfeidhm um sholáthar cóiríochta de thoradh an phróisis sin.

² [Straitéis Chuimsitheach um Chóiríocht d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta](#).

³ I mí Lúnasa 2025, cheannaigh an Roinn Óstán agus Ionad Comhdhála CityWest ar luach €148.2 milliún. Is féidir cóiríocht a thabhairt do líon measta de 2,300 duine san fhoirgneamh.

Comhaontuithe réamhchonartha

- 14.11** Shonraigh an Roinn Dlí agus Cirt go ndeachthas isteach i gcomhaontuithe réamhchonartha le soláthraithe féideartha cóiríochta i dtaca le 15 aonad réadmhaoin, agus nár tháinig na soláthraithe chun cinn ón bpróiseas léirithe spéise.

- 14.12** Shonraigh an Roinn Dlí agus Cirt gur chuir an tSeirbhís Soláthair Cosanta Idirnáisiúnta (IPPS) na comhaontuithe réamhchonartha i bhfeidhm den chéad uair i mí Bhealtaine 2024. Ba é an cuspóir a bhí i gceist le comhaontuithe den sórt sin a thabhairt isteach ná slándáil a chur ar fáil do sholáthraithe féideartha cóiríochta éigeandála le haghaidh a gcuid infheistíochtaí in ionaid chóiríochta ar scála mór agus don Roinn chun a cuid spriocanna a bhaint amach agus a chuid ceanglas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht an AE.
- 14.13** Shonraigh an Roinn Dlí agus Cirt gurbh amhlaidh sular tugadh isteach na comhaontuithe réamhchonartha, go bhfuair an IPAS aiseolas ó sholáthraithe féideartha cóiríochta a dúirt go raibh sé ag éirí níos deacra dóibh an creidmheas a fháil a bheadh riachtanach chun athchóiriú a dhéanamh ar aonaid réadmhaoine móra d'fhonn cóiríocht cosanta idirnáisiúnta a chur ar fáil. Is cosúil gur mheas institiúidí/iasachtóirí creidmheasa go bhfuil riosca ard ag baint leis na hinfeistíochtaí mar gheall ar easpa ráthaíochta chun iad a ligean ar léas tar éis go mbeidh na hoibreacha athoiriúnaithe/athchóirithe déanta. Roimhe sin d'eisigh an IPPS litreacha intinne chuig soláthraithe féideartha cóiríochta, ach tuigeadh nach raibh na hinstitiúidí creidmheasa sásta a thuilleadh glacadh leo siúd mar chruthúnas ar ghealltanais.
- 14.14** Shonraigh an Roinn Dlí agus Cirt go raibh fhoscábhinn i ngach comhaontú réamhchonartha sínithe.
- I bhFoscábhinn I leagadh amach pleananna urláir an ionaid bheartaithe mar a bheidís nuair a bheadh na hoibreacha déanta agus comhaontaithe leis an Roinn.
 - I bhFoscábhinn II bhí dréacht den chomhaontú don chóiríocht éigeandála shealadach d'iaratasóirí cosanta idirnáisiúnta a bheadh le cur i bhfeidhm nuair a bheadh na hoibreacha críochnaithe go sásúil agus ar bhealach tráthúil.
- 14.15** Ba ionann comhaontuithe réamhchonartha a thabhairt isteach agus aistriú ag an Stát ó chonarthaí dírdhámhachtana gearrthéarmacha ar scála beag go comhaontuithe chun cóiríocht a sholáthar ar scála mór. Tuigtear gur thug an IPPS gealltanais chun an chóiríocht mholta a úsáid ar feadh thréimhsí dhá go trí bliana ag ráta laethúil sonraithe in aghaidh an leapa, le síneadh roghnach ar feadh suas le cúig bliana breise i roinnt cásanna. Bhí sé sin faoi réir coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta ag an soláthraí cóiríochta, lena n-áirítear an tionscadal a sheachadadh laistigh de thréimhse áirithe agus na rialacháin pleanála, dóiteáin agus tógála a chomhlíonadh.

Smacht ar dhliteanais theagmhasacha

- 14.16** Le síniú na gcomhaontuithe réamhchonartha in 2024 agus ag tús 2025 tugadh gealltanais chun caiteachais shuntasaigh amach anseo dá gcomhlíonadh na soláthraithe cóiríochta na hoibleagáidí atá sonraithe sna comhaontuithe. Mar sin ba ionann iad as dliteanais theagmhasacha shuntasacha don Státhchiste.

- 14.17** Tá nósanna imeachta leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (An Roinn Caiteachais Phoiblí) maidir le dlíteanais theagmhasacha a chruthú.⁴ Tá sé sonraithe aici nár cheart dul isteach i gcomhaontuithe as a eascraíonn dlíteanais theagmhasacha ach nuair is gá agus tar éis go mbeidh measúnú déanta ar na himpleachtaí féideartha ó thaobh an chaiteachais de. Chun aon dlíteanais teagmhasacha lena ghabhann luach suntasach a chruthú is gá cead sonracha a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- 14.18** Tá sé sonraithe ag an Roinn Dlí agus Cirt nach ndeachthas i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí sula ndeachthas isteach sna comhaontuithe réamhchonartha. Níor nochtadh dlíteanas teagmhasach ar bith i dtaca leis na comhaontuithe réamhchonartha i gcuntas leithghabhála 2024 do Vóta 40 Leanaí, Míchumas, Comhionannas, Lánpháirtíocht agus Óige.

Cinneadh gan dul ar aghaidh

- 14.19** Sular aistríodh go foirmiúil na feidhmeanna lánpháirtíochta agus fáiltithe ón Roinn Leanaí i mBealtaine 2025, bhí tús curtha ag an Roinn Dlí agus Cirt le hullmhúcháin leis an ról breise lenar áiríodh ceisteanna beartais. Cuspóir lárnach beartais a bhí i gceist ná srian a chur le fás breise ar mhéid an phunann réadmhaoine don chosaint idirnáisiúnta agus í a laghdú le himeacht ama.
- 14.20** Chinn an Roinn gan dul ar aghaidh le ceann de na comhaontuithe léasaithe ar foráladh faoi na comhaontuithe réamhchonartha. Chuaigh trí cinn de na comhaontuithe as feidhm nuair a tarraingíodh siar na tograí nó nuair a measadh go raibh siad imithe as feidhm. Chinn an Roinn i lár 2025 deireadh a chur leis na comhaontuithe eile, agus tugadh fógra do na soláthraithe féideartha faoin gcinneadh.
- 14.21** Thionscain cúig cinn de na contrapháirtithe sna comhaontuithe réamhchonartha imeachtaí Ard-Chúirte in aghaidh an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce in 2025 agus 2026. Tá sé sonraithe ag an Roinn gurbh mó ná €100 milliún luach féideartha na gcomhaontuithe gaolmhara i dteannta a chéile.
- 14.22** Tar éis idirghabhála, rinne an Roinn Dlí agus Cirt íocaíochtaí socraíochta maidir le trí cinn de na cásanna dlí. Tá costais ghearánaí sna cásanna sin fós le réiteach ó thaobh comhaontú agus íocaíochta de.⁵ Tá na méideanna socraíochta cuid mhaith níos lú ná na luachanna conartha measta. Níor thángthas ar shocrú trí hidirghabháil sa dá chás eile. Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag súil leis go rachaidh na cásanna sin ar aghaidh go héiteacht ag an gCúirt Tráchtála in am is i dtráth.
- 14.23** Tá inní curtha in iúl ag an Roinn Dlí agus Cirt maidir le foilsíú sonraí a bhaineann leis na híocaíochtaí socraíochta nó freagra na Roinne ar éilimh a d'fhéadfadh bac a chur ar an Stát sna himeachtaí dlí.
- 14.24** Tá an Roinn Dlí agus Cirt den tuairim nárbh fhéidir na costais atá tabhaithe a sheachaint ach dá rachadh an Roinn ar aghaidh le níos mó caiteachais as seirbhísí nach raibh ag teastáil ón Roinn nó de dhíth uaihi.

⁴ [Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí \(PfP\), cuid C8 - Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus Dlíteanais Theagmhasacha.](#)

⁵ Áirítear le costais an ghearánaí táillí as suirbhéirí cainníochta, cuntasóirí fóirínseacha, táillí atumae agus táillí abhcóide as an dlíthíocht agus an idirghabháil. Cuirfear na costais sin i láthair trí mheán bhille costas, a chuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le breithniú.

Cead i gcomhair íocaíochtaí socraíochta

- 14.25** D'iarr an Roinn Dlí agus Cirt cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí chun na híocaíochtaí socraíochta a dhéanamh. Bhí 'foirm um shocrú cáis' a bhí sínithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt ag gabháil leis an iarratas ar chead i ngach cás.
- 14.26** Sonraíodh i litreacha ceada an Roinn Caiteachais Phoiblí nár tugadh fógra di faoi na cásanna dlí go dtí go raibh idirghabháil sceidealaithe, rud a tharla roinnt míonna tar éis gur thoiligh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gabháil don idirghabháil i leith na gcásanna.
- 14.27** Bhí an ceadú a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí in iúl faoi réir na méideanna socraíochta a bheith comhionann le socrú iomlán agus deireanach gach éilimh, go mbeadh an socrú ag cloí le gach nós imeachta airgeadais phoiblí agus nach n-eascródh barrachas ar Vóta 24 in 2026 ón gcaiteachas socraíochta.
- 14.28** Tá sé sonraithe ag an Roinn Dlí agus Cirt go bhfuiltear tar éis scoireadh go hiomlán anois den chur chuige i dtreo sholáthar cóiríochta lena n-úsáidtear comhaontuithe cóiríochta dá leithéid á n-úsáid agus ina ionad tá pleananna fadtéarmacha do chóiríocht Stáit agus leasú ó bhonn ar chonarthaí tráchtála faoi thionscnaimh luacha ar airgead.

Tátail

- 14.29** D'eascair dliteanais theagmhasacha shuntasacha don Stáitchiste ó na comhaontuithe réamhchonartha a ndeachaigh an Roinn Leanaí isteach iontu in 2024 agus ag tús 2025. Ba cheart cead sonrach a iarraidh ón Roinn Caiteachais Phoiblí sula ndeachthas isteach sna comhaontuithe réamhchonartha. Níor nochtadh an dliteanas teagmhasach a bhí i gceist leo i gcuntas leithghabhála 2024 do Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige.
- 14.30** Cinneadh i lár 2025 gan dul ar aghaidh leis an gcuid is mó de na comhaontuithe. Ina dhiaidh sin, thionscain na contrapháirtithe i gcuid de na comhaontuithe réamhchonartha cúig chás dlí in aghaidh an Roinn Dlí agus Cirt. Tar éis idirghabhála, thángthas ar shocrú maidir le trí chás. Maidir le dhá chás, níor thángthas ar chomhaontú tar éis idirghabhála, agus tá imeachtaí dlí ag dul ar aghaidh.
- 14.31** Rinne an Roinn Dlí agus Cirt íocaíochtaí móra in 2026 a d'eascair ó na comhaontuithe socraíochta. Ar aon dul leis na beartais chuntasaíochta ábhartha, tá na híocaíochtaí socraíochta aitheanta ag an Oifigeach Cuntasaíochta mar speansais fhabhráithe sa ráiteas faoi staid airgeadais do Vóta 24 amhail an 31 Nollaig 2025. Ní dhearnadh soláthar i gcuntas 2025 do luach measta aon chostais dlí de chuid an ghearánaí nó costais eile a eascraíonn ó na comhaontuithe socraíochta.
- 14.32** Tá sé nochta freisin ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil dliteanais theagmhasacha ag eascair ó na himeachtaí dlí leanúnacha. Níl meastachán tugtha ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar na dliteanais fhéideartha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ó imeachtaí dlí leanúnacha. Tá an cur chuige cuntasaíochta agus na nochduithe i ndáil leis na himeachtaí dlí ar aon dul le forálacha *CGAS 19, Soláthairtí, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*.⁶

⁶ [ICGAS 19 Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha](#) (mír 109) sonraítear gur gá don eintiteas an fhaisnéis a éilítear de réir an chaighdeáin chuntasaíochta a nochtadh ach i bhfíor-chorrchásanna, nuair a d'fhéadfaí a bheith ag súil go rachadh an fhaisnéis chun dochair don eintiteas a bheadh i ndíospóid le páirtí(páirtithe eile).

- 14.33** Is ionann an caiteachas i ndáil le foirceannadh na gcomhaontuithe réamhchonartha le híocaíochtaí nach bhfuil luach ar bith faighte lena n-aghaidh agus is ionann é agus caiteachas mór do cháiníocóirí.